Cruinniú Bainistíochta Feidhmíochta Dhéan an Choláiste

Is mian leis an Ollscoil cloisteáil faoi do thaithí i do ról; cuireann an fhoirm seo creat ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbliain seo caite. Bainfear úsáid as an eolas a chuirfidh tú ar fáil chun spriocanna nua a leagan amach don chéad bhliain acadúil eile.

Líonann an t-athbhreithní Codanna A, B, D, E.
Líonann an t-athbhreithneoir Cuid C.

Tábhachtach
Líon Codanna A agus B den fhoirm agus tabhair ar ais í don té atá ag déanamh athbhreithniú ort sula mbíonn do chruinniú ar siúl.

Cuid A: Do chuid sonraí

Ainm | Uimhir Foirne

Teideal Poist

Aonad

Dáta an chruinnithe athbhreithnithe

Dáta don chéad chruinniú athbhreithnithe eile

Cuid B: Dualgais Eagraíochtúla

1. **Beartas agus Pleanáil Acadúil**
   An gceapann tú go bhfuil tuiscint shoiléir agat ar mhisean agus ar straitéis na hOllscoile – agus ar do ról mar Dhéan iad seo a chur i bhfeidhm?

   Déan cur síos gairid ar na céimeanna atá tógtha agat chun Plean Coláiste a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Mínigh na bealaí ina ndéanann tú monatóireacht ar an méid a bhaintear amach faoin bplean agus déan cur síos ar an dul chun cinn atá déanta agat ina chur i bhfeidhm. An bhfuil forbairtí idir-Choláiste tugtha chun cinn agat tríd an AMT?

2. **Gnóthaí Acadúla**
   a. Déan cur síos gairid ar an gcaoi a bhfuil ceannaireacht ar fud an Choláiste curtha ar fáil agat i dteagasc, i dtaighde agus i rannpháirtíocht.
   Tabhair samplaí nithiúla chun gach ceann a léiriú.
   b. Mínigh mar atá eispéireas na mac léinn feabhsaithe agat. Mar shampla, an bhfuil cláir nua curtha ar fáil agat agus an bhfuil na cláir reatha neartaithe agat? An bhfuil moltaí athbhreithnithe caighdeáin curtha i bhfeidhm agat? Cén chaoi a bhfuil eispéireas na chéad bhliana feabhsaithe agat? Cén chaoi a bhfuil tacaíocht curtha ar fáil agat d'fheidhmeanna riaracháin maidir le scrúduithe agus searmanais bhronnta céimeanna?
   c. Mínigh go gairid cén chaoi a bhfuil struchtúir an Choláiste athbhreithnithe agus forbartha agat. Tabhair samplaí sonracha. Mar shampla, cé na tionscnaimh idir-scoile atá tosaithe agus curtha i bhfeidhm agat?

3. **Bainistíocht Acmhainní**

   a. Bainistíocht foirne: Déan cur síos ar phlean foirne an Choláiste leis na nithe seo a leanas san áireamh nuair is cuí, agus tabhair samplaí: leithdháileadh foirne, ailíniú leithdháileadh na foirne le tosaíochtaí taighde na hOllscoile, measúnú boird roghnúcháin, forbairt foirne, boird phromhaidh agus meantóireacht.

   b. Bainistíocht acmhainní: Déan cur síos ar chinneadh agus ar leithdháileadh bhuiséad an Choláiste, cuir san áireamh sonraí a bhaineann le riachtanais athfhillteacha agus caipitil trealaimh agus infreastruchtúir.

4. Ceannaireacht agus bainistíocht iomlán

An bhfuil tú sásta lena bhfuil curtha i gcrích agat ó thaobh cheannaireacht agus bhainistíocht iomlán an Choláiste? Mar shampla, cé na céimeanna atá tógtha agat chun tionscadail nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm? Cén chaoi a bhfuil cumarsáid éifeachtach cur ar bun agat le comhghleacaithe chun iad a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoi spriocanna agus faoi chuspóirí? Cé na céimeanna atá tógtha agat chun an fhoireann i do Choláiste a fhorbairt, mar shampla píblíne tallainne a fhorbairt?

5. D'ualach oibre

Déan cur síos ar do ghníomhaíocht léinn i rith na tréimhse ag cur na nithe seo a leanas san áireamh a) teagasc, tabhair samplaí de chláir a theagasc tú agus líon na ranganna a tugadh agus b) leibhéal do ghníomhaíochta taighde, lena n-áirítear foilseacháin agus stiúradh mhic léinn PhD.

6. Éachtaí agus/nó torthaí

Bunaithe ar na spriocanna/cuspóirí a aontaíodh ag cruinniú athbhreithnithe feidhmíochta na bliana seo caite, déan cur síos ar an dul chun cinn atá déanta agat i leith gach aon cheann. Tabhair samplaí nithiúla chun gach pointe a léiriú.

7. **Tacaíochtaí Oiliúna agus Forbartha**
Sonraigh aon tacaíocht nó réimsí sonracha forbartha a cheapann tú a chabhródh leat do chuid cuspóirí a bhaint amach nó do spriocanna forbartha a chur i gcrích sa bhliain amach romhainn.

NUI Galway
OÉ Gaillimh

Cruinniú Bainistíochta Feidhmíochta Dhéan an Choláiste

Ag deireadh an chruinnithe, líonfaidh an t-athbhreithneoir Cuid C agus tabharfaidh sé/sí ar ais duit é le go líonfaidh tú Codanna D agus E.
Iarrfar do chomhaontú deiridh ort ansin mar aon le do shíniú.

Cuid C: Measúnú Foriomlán

Ainm_____ Uimhir Foirne_____

Teideal Poist _____

Coláiste _____

Ní chomhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi beag ná mór	Ní chomhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi	Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi	Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi agus níos mó ná sin	Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi agus i bhfad níos mó ná sin
1	2	3	4	5

Rátáil _____

An fáth atá leis an rátáil (tabhair sonraí le do thoil)

Cuid D: Spriocanna/cuspóirí atá comhaontaithe do na 12 mhí atá le teacht

Cuid E: Plean forbartha atá comhaontaithe do na 12 mhí atá le teacht

NUI Galway
OÉ Gaillimh

Cruinniú Bainistíochta Feidhmíochta Dhéan an Choláiste

Síniúcháin:

Athbhreithní (priontáil an t-ainm):

Athbhreithneoir (priontáil an t-ainm):

Síniú an Athbhreithní:

Síniú an Athbhreithneora:

Sainmhínithe ar Rátáil Feidhmíochta

1. Ní chomhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi beag ná mór: Bíonn an fheidhmíocht míshásúil ar bhonn seasta nó ní bhíonn caighdeán agus/nó méid na hoibre a mbítear ag súil leis sách maith beag ná mór.
2. Ní chomhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi: Ní bhaintear amach cuspóirí ná caighdeáin oibre atá comhaontaithe. Tá gá le tacaíocht chun feidhmíocht a fheabhsú.
3. Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi: Baintear amach cuspóirí agus méid agus caighdeán na hoibre atá comhaontaithe
4. Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi agus níos mó ná sin: Déantar níos mó ná an méid agus an caighdeán oibre a mbítear ag súil leis uaidh/uaithi / déantar obair ar ardchaighdeán.
5. Comhlíontar a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi agus i bhfad níos mó ná sin: Déantar obair ar chaighdeán eisceachtúil ar bhonn seasta, cuirtear go suntasach leis an bplean oibríochtúil, baintear amach níos mó cuspóirí ar ardchaighdeán ná mar a bhítear ag súil leis.